

CAISÍNEACH NEIL FINNEIDH

Sean fhear abhí ann a raibh tóir ar mhná aige agus chonnaic sé bean bhreagh a raibh a raibh
Neil Finneidhe uirthi a dhul isteach traigh Ínnse (no cuireadh air é)

Rinne Tomás 'Ac Con Fhaola amharán dhen sgéul.

Grádh mo chroidhe 'gus m'anam sé caisíneach Neil Finneidhe
Cé gur bhain sé'n tamharc díom nuair chonnaic mé sa taoille é
Bhí waterloo go talamh uirthi agus capisín dubh síoda
Agus marach mé mo shean dhuine leanfhainn thríd a saoghal í

'Sa beartla an breac a bhain a tamharc díot go deimhin tá sé ngeibhéann
Fuair Seáinín is i ngaire 's dar leamhan ba deas é fhéirín
Bhí Jurey ag na bailtreachaí ar iasg uilig na hÉireann
Ní raibh fhios acab an tontoise é an Salmon Fish no bréam é
'S nach é Marcus na Muinge atá a gul agus a caoineadh
Nuair a luigheann sé ar an leabaidh ní mór go bhfágghann sé suimhneas
Nuair a chualadh seisean cainnt ar chaisineach Neil Fineidhe
Go rachfhadh sé ar a gceathramadh pighinn a feamna cliabh 's gá líonadh.
Ba é Bairtle Bhairtliméid an sean fhear abhí i gceist

17/2/35.